Gairmscoil na bPiarsach

Nuachtlitir Nollaig 2008

Beatha & Sláinte

Fáiltíonn muid roimh na scoláirí ar fad atá cláraithe sa scoil agus go h-áirithe na scoláirí atá tagtha isteach sa chéad bhliain. Guimíd chuile rath orthu don scoil bhliain 08-09.Comhgháirdeachas leis na ranganna Ard Teist & Teastas Sóisireach 2008 ar na toraidh a fuair said sna scrúdaithe stáit agus guimíd chuile rath ar na scoláirí atá imithe ag triú leibhéal.

Cuirimid fáilte speisialta freisin roimh an múinteoir nua Gaeilge & Stair **Neasa Nic Shéalaigh**.

Guímíd beannachtaí na Nollag oraibh uilig agus athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise.Tá súil againn go mbainfidh sibh go léir taithneamh as an saoire.

Beidh an scoil ag ath-oscailt ar an **gCéadaoin 7ú Eanáir 2009.**

Seomra Nua

Tá seomra ranga nua réamhdhéanta fáighte ag an Scoil ón gCoiste Gairmoideachais. Is iontach an áis don scoil an seomra seo tá muid á fheistiú amach faoi láthair.

Seachtain na hEolaíochta

Eagraíodh roinnt imeachtaí arís i mbliana le haghaidh seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna. Buíochas le **Ionad Oideachais na Gaillimhe** a chuir na h-imeachtaí seo ar fáil dúinn.

D'fhreastal an 4ú & 5ú bliain ar Cheardlann ***NCBES Careers Roadshow.***

Ghlac na scoláirí Bitheolaíochta páirt i gCeardlann *"Stem Cell Research"* eagraithe ag **REMEDI**. I mí Eanair beidh beirt ón Ard Teist **Gráinne Ní Mháille & Anna NicDhonnachadha** ag glacadh páirt i ndíospóireacht ar seo a bheidh ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

D'fhreastal an 1ú, 2ú & 3ú bliain ar sheó Eolaíochta *"The Wonder of Waves"* san amharchlann nua sa Chlochán.

Fundúreacht Bridget Aylward

Buíochas le Coiste Fundúreacht Bridget Aylward as ucht airgead a chuir ar fáil i mbliana le haghaidh ranganna Staire.

Comóradh 75 bliain

Le tús a chuir leis an gComóradh 75 bliain seoladh féilire speisialta do 2009 sa scoil ar an 15ú Nollaig. Is é an **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Seosamh Mac Donnacha** a sheol an féilire & is é **Seosamh Ó Cuaig** a bhí ina fhear an tí. Táimíd fior bhuíoch dóibh & don phobal áitiúil as ucht an tacaíocht a thug siad don ócáid.

Tá sé ar intinn go leor imeachtaí eile a eagrú le linn 2009 mar chuid den Chomóradh. Ina measc beidh teacht le chéile ag iar scolairí i mí Lúnasa, foilsiú leabhair, Tráth na gCeist Boird, oícheannta áirneáin sa scoil, Blitseanna Peile & Liathróid Láimhe Oilimpeach chomh maith le go leor imeachtaí eile.

Imeachtaí Eile

Bailíodh **€353** le haghaidh **Oispís na Gaillimhe** ag maidin caife a bhí sa scoil i mí Meán Fhómhair. Buíochas le chuile dhuine a thug tacaíocht.

Tá an **brat glas** faighte ag an scoil & beidh sé á chuir suas i mí Eanair. Buíochas leis an **Oifigeach Caidreamh Baile Máirtín Breathnach** & leis an gCoiste Brat Glas sa scoil as an sár-obair a rinne siad. Ar an gCoiste tá **Liam Ó Flatharta, Deirdre Ní Cheannabháin, Sarah de Búrca, James Ó Domhnaill, Ailidh Ní Chonaire & Séamas Mac Donnachadha.**

Comhgháirdeachas le **Briocán Bairéad** (Ard Teist 08) as ucht an 1ú áit a fháil sa Chomórtas Amhranaíochta ar an Sean Nós faoi 35, ag Oireachtais na bliana seo.

Comhgháirdeachas le **Ailidh Ní Chonaire** (3ú bliain) & **Síle Ní Shúilleabháin** (1ú bhliain) a bhí ag imirt ar fhoireann Faoi 14 na Gaillimhe i mbliana. D'eirigh leo dul chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann.

Comhgháirdeachas le **Seán Ó Flatharta** (5ú bliain) atá roghnaithe ar phainéal Mionúir na Gaillimhe don bhliain 2009.

Tá an **4ú bliain** ag glacadh páirt i **gCeardlann Ealaíne** leis an Ealaíontóir **Danny deBhailís**. Ár mbuíochas do Mháire Áine Ní Mháille agus **Pléaráca Teo** atá ag eagrú an Ceardlann seo. Is é téama na Ceardlainne ná mí-úsáid drugaí.

Ghlac cuid de na scolairí páirt i dTroscadh le hagaidh **CONCERN** i mí na Nollag.

D'fhreastal scoláirí ón 3ú, 4ú & 5ú bliain ar **Lá Comhairliúcháin Óige ar an gCeathrú Rua** le linn mí Meán Fhómhair. Bhí an lá eagraithe ag lucht **Chrib na nÓg** ar an gCeathrú Rua.

An Clár Rochtana

Comhgháirdeachas le **Niamh Ní Chonghaile & Christina Ní Mhainnín** a bhfuil áit bainte amach acu ar an gCúrsa Rochtana i mbliana.

Bhí an **2ú bliain** ar thuras lae chuig Ollscoil na hÉireann, Gaillimh mar pháirt de **"Chosán na hOllscoile".**

Chuir **Ashla Bhaird** ón Oifig Rochtana ceardlann i Scileanna Staidéar ar fail don 4ú & 5ú bliain. Chomh maith leis sin chuir sí seisiún eolais faoin gClár Nua Rochtana ar fáil don Ard Teist.

Buíochas le **Cumas Teo** a thugann tacaíocht dúinn le haghaidh Club Obair Baile & tacaíocht foghlama.

Tá an scoil páirteach sa **gClár Criochnú Scoile faoi DEIS** a thugann tacaíocht le Club Obair Baile, imeachtaí spóirte ar nós kayakadóireacht, Mataimatic & campa samhradh. Táimíd fíor bhuíoch dóibh.

Gairmscoil na bPiarsach 091-574100

Ríomhphost: piarsach@eircom.net

ATGO agus Gairmthreoir

D'fhreastal an 4ú & 5ú bliain ar laethanta Oscailte in Ollscoil na Gaillimhe, GMIT & Ionad Theicneolaíochta Shlighigh chomh maith le **Aonach Gairme** a bhí eagraithe ag Cumas Teo in Óstán Chois Fharraige.

Rinne **Méimí Ní Chualáin ó Údaras na Gaeltachta** ceardlann scileanna staidéir leis an 4ú & 5ú bliain.

D'éagraigh an 5ú bliain **Tráth na gCeist Boird** ar an 3ú Nollaig mar pháirt den chlár ATGO.

Chuaigh daltaí ón 4ú & 5ú bliain chuig seiminear ar shábháilteacht ar na bóithre a bhí ar siúl i Leisureland i mí Dheireadh Fómhair.